RÚN (AE) 2022/1714 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an ochtú, an naoú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an ochtú, an naoú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a mhéid a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do na freagraí a thug an Coimisiún ar na ceisteanna i scríbhinn chuig an gCoimisinéir URPILAINEN maidir leis an éisteacht os comhair an Choiste um Rialú Buiséadach an 30 Samhain 2021, chomh maith leis na ceisteanna breise a seoladh tar éis na héisteachta,

— ag féachaint do na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar an urscaoileadh don bhliain airgeadais 2019,

— ag féachaint do Riail 99 agus don tríú fleasc de Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0124/2022),

A. de bhrí go dtacaíonn an Coimisiún go hiomlán le bainistiú na gCistí Eorpacha Forbraíochta (CEFanna), agus an fhreagracht deiridh air as dlíthiúlacht agus rialtacht oibríochtaí CEF agus as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na CEFanna;

B. de bhrí nach mbeidh an Pharlaimint in ann a ról mar údarás um urscaoileadh a fheidhmiú go cuí ach amháin má dhéanann an Coimisiún í a choinneáil ar an eolas, ar bhealach rialta, tráthúil agus cuimsitheach, le faisnéis mhionsonraithe maidir le tionscadail arna gcistiú ag CEFanna agus a bhfaighteoirí;

C. de bhrí nach bhfuil an Pharlaimint páirteach in acmhainní CEF a bhunú agus a leithdháileadh i gcomparáid le hionstraimí forbartha eile;

D. de bhrí gur príomhghnéithe iad réamhchoinníollacha éifeachtacha agus seiceálacha rialta chun éifeachtacht agus bainistiú fónta airgeadais na CEFanna a áirithiú;

E. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach, i gcomhthéacs timpeallacht dhomhanda atá ag athrú, cothromaíocht straitéiseach a aimsiú idir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta, eacnamaíocha, dhéimeagrafacha agus chomhshaoil agus laghdú na bochtaineachta a choinneáil mar phríomhchuspóir bheartas cabhrach agus forbartha an Aontais san am céanna, dá bhforáiltear in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail éifeachtacht na cabhrach agus na forbartha;

F. de bhrí gur cheart, le cabhair um fhorbairt Eorpach agus le hinfheistíochtaí poiblí Eorpacha, tosaíochtaí comhpháirteacha agus cuspóirí beartais a chur chun cinn, a dtugtar tacaíocht dóibh in 17 sprioc forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), lena n-áirítear díothú na bochtaineachta, an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus an chomhshaoil agus beartais eacnamaíocha agus trádála agus gur cheart iad a ailíniú go hiomlán le prionsabail chearta bunúsacha an duine, an daonlathais agus an dea-rialachais; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis na torthaí a baineadh amach maidir le sprioc na mbeartas poiblí ionchuimsitheach an fás comhroinnte a chur chun cinn agus cuidiú le dul i ngleic le héagothromaíochtaí sóisialta nó geografacha;

G. de bhrí gur réamhriachtanas don fhorbairt inbhuanaithe é próiseas ceaptha beartais rannpháirtíochta atá trédhearcach, cuimsitheach agus éifeachtúil a bheith ann;

H. de bhrí go bhfuil an inbhuanaitheacht ríthábhachtach chun na spriocanna agus na torthaí atá leagtha síos a bhaint amach agus, go háirithe, chun tionchar fadtéarmach na cabhrach um fhorbairt a bhaint amach;

I. de bhrí gur cheart ailíniú chomhar um fhorbairt an Aontais le tosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta féin a urramú i gcónaí agus de bhrí gur príomhghné é de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ("Clár Oibre 2030") gur cheart do chomhar um fhorbairt an Aontais a bheith i gcomhréir le beartais an Aontais;

J. de bhrí gur cheart féachaint go cúramach ar chomhleanúnachas agus comhlántacht beartas seachtrach éagsúil, go háirithe nuair a bhíonn roinnt beartas á gcur chun feidhme i dtír chomhpháirtíochta aonair, d'fhonn comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a chur chun cinn, sineirgí agus comhbhabhtálacha idir na beartais atá ann cheana a spreagadh, an iarmhairt dhíobhálach a d'fhéadfadh a bheith ann toisc aon bheartas aonair amháin de chuid an Aontais a bheith ann le haghaidh réimse a ndéileáiltear leis seachas sin le beartas eile a sheachaint, agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint a mhéid is féidir;

K. de bhrí go n-éascófaí gníomhaíochtaí faireacháin an Choimisiúin trí chaighdeánú na gcainéal cumarsáide idir tíortha comhpháirtíochta, eintitis arna gcistiú ag CEF agus an tAontas;

L. de bhrí gur réamhriachtanais iad an trédhearcacht, an chuntasacht agus an dícheall cuí um chearta an duine le haghaidh grinnscrúdú daonlathach agus cabhair um fhorbairt éifeachtach;

M. de bhrí nach mór aird ar leith a thabhairt ar an bhfíoras gur stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha iad cuid mhór de thíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC); de bhrí go bhfuil ról lárnach idirnáisiúnta ag oileáin, go háirithe oileáin ACC, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide;

N. de bhrí go bhfuil roinnt Tíortha agus Críoch Thar Lear (OCTanna) lonnaithe sna réigiúin chéanna ina bhfuil tíortha ACC;

O. de bhrí go bhfuil dúshláin dhomhanda chomhchosúla os comhair OCTanna ach, murab ionann agus tíortha ACC, gur cuid de theaghlach na hEorpa iad agus gur cheart, dá bhrí sin, aird níos mó a thabhairt orthu agus cistí á seachadadh; de bhrí gur sainiúlachtaí ar cheart iad a chur san áireamh iad méid an-bheag na OCTanna agus an nasc bunreachtúil idir OCTanna agus an tAontas;

P. de bhrí go ndéantar idirghabhálacha seachtracha an Aontais a sheoladh trí eagraíochtaí idirnáisiúnta, a chuireann cistí an Aontais chun feidhme nó a chómhaoiníonn tionscadail in éineacht leis an Aontas, agus lena n-áirítear dúshláin ó thaobh maoirseachta agus rialachais de;

Q. de bhrí go bhfuil riosca suntasach rialachais ag baint le tacaíocht bhuiséadach don fhorbairt inbhuanaithe, cé go bhfuil ról lárnach aici maidir le hathrú a thiomáint chun tosaigh agus maidir le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le forbairt, agus nár cheart í a dheonú ach amháin má tá an stát is tairbhí in ann leibhéal leordhóthanach trédhearcachta, cuntasachta agus urraime don smacht reachta agus do chearta an duine a léiriú sula bhfaighidh sé cabhair tacaíochta buiséadaí, agus seiceálacha críochnúla *ex post* ina dhiaidh sin;

R. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach trédhearcacht a chothú agus an t-éilliú agus an chalaois a chomhrac chun go n-éireoidh le hoibríochtaí tacaíochta buiséadaí an Aontais;

S. de bhrí gur príomhghné den chabhair um fhorbairt í tacaíocht rialachais an Aontais agus gur cheart í a bheith dírithe níos mó ar athchóirithe éifeachtacha rialachais a bhaint amach sna tíortha comhpháirtíochta, amhail an smacht reachta, neamhspleáchas chóras na mbreithiúna, saoirse an phreasa agus na dálaí chun geilleagar margaidh a bhunú;

T. de bhrí go ndéantar iniúchtaí agus gníomhaíochtaí CEF a chur chun feidhme i gcomhthéacsanna dúshlánacha trí aghaidh a thabhairt ar neamhchosaint atréimhseach gheopholaitiúil nó institiúideach; de bhrí gur ghéaraigh paindéim COVID-19 an staid sin, a bhí an-choimpléacsach cheana féin;

U. de bhrí nach mbeidh Parlaimint na hEorpa in ann a ról mar údarás um urscaoileadh a fheidhmiú go cuí ach amháin má choimeádann an Coimisiún ar an eolas í ar bhonn rialta agus cuimsitheach, trí fhaisnéis mhionsonraithe a thabhairt faoi thionscadail a mhaoiníonn CEF, faoi fhaighteoirí an chistithe faoi na tionscadail sin agus faoi chur chun feidhme na dtionscadal sin;

V. de bhrí go bhfuil an 11ú CEF tar éis a chéim dheiridh a bhaint amach ós rud é gur tháinig a chlásal éagtha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020 agus, amhail ó 2021, go n-áireofar na cláir CEF i gcreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais; de bhrí, áfach, go mbeidh conarthaí sonracha le haghaidh comhaontuithe maoiniúcháin atá ann cheana fós á síniú go dtí an 31 Nollaig 2023;

Ráiteas urrúis

Cur chun feidhme airgeadais agus cur chun feidhme tionscadail na CEFanna (an t-ochtú go dtí an 11ú CEF) in 2020

1. ag tabhairt dá haire gur ionann an 11ú CEF agus 46 % de phunann Ard-Stiúrthóireacht Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an Choimisiúin (AS INTPA) ó thaobh íocaíochtaí de in 2020; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19, gur shroich gealltanais agus íocaíochtaí CEF, faoi seach, EUR 3 894 mhilliún agus EUR 4 677 milliún, agus iad os cionn, den chuid is mó, na spriocanna a socraíodh ar dtús le haghaidh 2020, eadhon EUR 3 267 milliún agus EUR 4 400 milliún; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gurbh ionann gealltanais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus EUR 2 053 mhilliún, iad go léir bainteach leis an tSaoráid Infheistíochta agus, den chuid is mó, ó chistí imrothlacha, agus gurbh ionann íocaíochtaí BEI agus EUR 667 milliún in 2020, agus go mbaineann siad go léir leis an tSaoráid Infheistíochta freisin;

2. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí rialta atá á ndéanamh ag AS INTPA seanghealltanais réamh-mhaoinithe agus seanghealltanais nár caitheadh a laghdú agus an t-ardú ar na spriocanna ó 25 % go 35 %, mar a cinneadh in 2020; ag tabhairt dá haire gur sháraigh AS INTPA an sprioc in 2020 i leith an dá tháscaire: laghdaíodh sean-réamh-mhaoiniú na CEFanna faoi 56 % (55 % ar fud réimse freagrachta iomlán AS INTPA) agus laghdaíodh na seanghealltanais nár caitheadh de chuid na CEFanna faoi 40 % (41 % i réimse freagrachta iomlán AS INTPA);

3. ag tabhairt dá haire gur bhain AS INTPA amach freisin a sprioc nach mó ná 15 % de sheanchonarthaí atá imithe in éag do na CEFanna (i.e. 14 % in 2020 i gcomparáid le 15 % in 2019, le 17 % in 2018 agus le 17 % in 2017) agus gur bhain sé scór 11 % amach ina réimse freagrachta ina iomláine; ag tabhairt dá haire go n-eascraíonn na feabhsuithe as nósanna imeachta nua a tugadh isteach in 2017 chun conarthaí CEF a dhúnadh;

4. ag tabhairt dá haire gur dúnadh an t-ochtú CEF agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún an naoú CEF a dhúnadh a luaithe is féidir; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, nach féidir dúnadh an naoú CEF a thabhairt chun críche roimh 2023, agus é á chur san áireamh go bhfuil 19 gcinneadh agus 37 gconradh fós ar siúl, agus go mbaineann 3 chinneadh díobh sin leis an tSúdáin Theas agus gur cinneadh iad tar éis do chlásal éagtha an naoú CEF teacht i bhfeidhm, le dátaí conarthacha a mhairfidh go 2023; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas go tráthúil faoin intinn sin a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina leith sin agus go gcuirfidh sé tuarascáil i dtoll a chéile gach bliain faoin dul chun cinn a bheidh déanta maidir le clabhsúr a chur leis an naoú CEF sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí;

Iontaofacht na gcuntas

5. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid, sa tuarascáil bhliantúil uaithi maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an ochtú, ag an naoú, ag an 10ú agus ag an 11ú CEF don bhliain airgeadais 2020, go gcuirtear i láthair go cothrom, i ngach gné ábhartha, leis na cuntais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020, staid airgeadais na CEFanna, torthaí a n-oibríochtaí, a sreafaí airgid agus na hathruithe ar a nglansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta sin, i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle ([1]) ("Rialachán Airgeadais CEF") agus leis na caighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí;

Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

6. á chur in iúl gur geal léi an tuairim ón gCúirt, ar dá réir atá an t-ioncam is bun leis na cuntais dar críoch an 31 Nollaig 2020 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an iliomad cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le tuairimí díobhálacha i ndiaidh a chéile ón gCúirt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais toisc go bhfuil tionchar ábhartha ag earráid ar an gcaiteachas arna glacadh sna cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020;

8. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur sháraigh an leibhéal measta earráide an tairseach ábharthachta, agus difear déanta do 3,8 % den chaiteachas don ochtú, don naoú, don 10ú agus don 11ú CEF (i gcomparáid le 3,5 % in 2019, 5,2 % in 2018, 4,5 % in 2017, 3,3 % in 2016, 3,8 % in 2014 agus 2015, 3,4 % in 2013 agus 3 % in 2012); ag tabhairt dá haire, i gcomparáid leis an mbliain airgeadais 2019, gur ionann an méadú ar an ráta earráide agus 0,3 %; á chur i bhfios, mar sin féin, gur gá aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an méadú sin, agus imthosca sonracha an fhreachnaimh um urscaoileadh 2020 á gcur san áireamh;

([1]) Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1).

9. á chur in iúl gurb oth léi gur tháinig athrú suntasach ar thíopeolaíocht na n-earráidí a sainaithníodh sa bhliain airgeadais 2020 i gcomparáid leis an mbliain airgeadais 2019, eadhon gur tháinig méadú ó 5,9 % go 38,3 % ar an earráid mheasta a bhaineann le caiteachas mar gheall ar easpa doiciméid tacaíochta riachtanacha; ag tabhairt dá haire gur chaiteachas neamh-incháilithe, a mhéadaigh ó 12,7 % in 2019 go 38,2 % in 2020, ba chúis leis an dara ráta earráide is airde don dara bliain i ndiaidh a chéile; ag tabhairt dá haire freisin gur tháinig laghdú ar na hearráidí a bhaineann le caiteachas neamhthabhaithe (43,6 % in 2019, i gcomparáid le 18,1 % in 2020) agus a bhfuil feidhm acu maidir leis an ráta earráide measta a bhaineann le mainneachtain thromchúiseach rialacha soláthair phoiblí a chomhlíonadh, a laghdaigh faoi fhachtóir beagnach a deich (22,1 % in 2019, i gcomparáid le 2,2 % in 2020);

10. á chur i bhfáth, as 140 idirbheart íocaíochta a ndearna an Chúirt athbhreithniú orthu, go raibh tionchar ag earráidí ar 36 (25,7 %) díobh, idir easpa doiciméid bhunriachtanacha tacaíochta (38,3 %) agus chaiteachas neamh-incháilithe (38,2 %) agus chaiteachas nár tabhaíodh (18,1 %); ag tabhairt dá haire gur ar bhonn 31 earráid arna gcainníochtú ag an gCúirt a thángthas ar an meastachán gurb é 3,8 % an leibhéal foriomlán earráide; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur bhainistigh toscaireachtaí ón Aontas sna tíortha comhpháirtíochta 119 den 140 idirbheart sampláilte agus go raibh earráidí inchainníochtaithe i 27 gcinn de na hidirbhearta sin;

11. ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, mar gheall ar phaindéim COVID-19, nárbh fhéidir leis an gCúirt cuairteanna ar an láthair a thabhairt ar thoscaireachtaí an Aontais agus ar thíortha comhpháirtíochta, agus dá bhrí nárbh fhéidir léi nósanna imeachta iniúchta áirithe a chur i gcrích, go háirithe cur chun feidhme conarthaí a fhíorú i leith na n-idirbheart a roghnaíodh, agus, dá bhrí sin, go raibh obair iniúchta na Cúirte teoranta go príomha d'athbhreithnithe deisce ar idirbhearta agus ar thionscadail trí nasc cianda le hiniúchaithe; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, gur uirlis choiteann den chuid is mó iad athbhreithnithe deisce agus nós imeachta iniúchóireachta á chur i gcrích agus meastóireacht á déanamh ar shonraí; á iarraidh ar an gCúirt cuairteanna ar an láthair a thosú arís a luaithe is féidir ag brath ar staid ghéarchéim COVID-19; á chur in iúl go bhfuil sí fós den tuairim gur gnéithe lárnacha iad seiceálacha ar an láthair, mar aon le húsáid cheart na dteicneolaíochtaí nua agus an digitiú, chun éifeachtacht agus bainistíocht fhónta airgeadais na CEFanna a áirithiú;

12. á chur in iúl gurb oth léi, lasmuigh de dhálaí fíordheacra in 2020 i gcoitinne, gur chuir roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta bac ar mhisean na Cúirte a cuid oibre iniúchóireachta a phleanáil agus a chur i gcrích toisc gur dhiúltaigh siad nó gur theorannaigh siad an rochtain riachtanach ar dhoiciméid iniúchóireachta ábhartha, a bhí ina gcúis le moilleanna iomarcacha agus, dá bhrí sin, a bhí ina gcosc ar an gCúirt a sainchumais bhunúsacha a chumhdaítear in CFAE a chomhlíonadh, mar a luadh roimhe seo i mbarúlacha gaolmhara i dtuarascáil bhliantúil 2018 ón gCúirt;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún, tar éis malartuithe éagsúla tuairimí, tar éis na díospóireachta éisteachta a tionóladh sa Choiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa agus tar éis na bhfreagraí a fuarthas ón gCoimisiún ar cheisteanna i scríbhinn, bearta iomchuí agus éifeachtacha a dhéanamh chun a áirithiú go bhfaighidh an Chúirt rochtain neamhshrianta agus thráthúil ar an bhfaisnéis uile is gá chun feabhas a chur ar an gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus a bheith in ann dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais a sheiceáil go hiomchuí; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé gurb iad léirmhínithe éagsúla ar na ceanglais dhlíthiúla is cúis leis an rochtain theoranta;

Trédhearcacht agus éifeachtacht na gcóras faireacháin agus dearbhaithe

14. ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, as an 31 earráid a cainníochtaíodh, arbh ionann cúig earráid (16,12 %) díobh agus earráidí inchainníochtaithe, a bhí faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc, nó í a bhrath agus a cheartú, sular glacadh leis an gcaiteachas (in 2019, cainníochtaíodh 28 n-earráid a bhain le 9 gcás (32 %) agus bhí faisnéis leordhóthanach ann chun na hearráidí a luathbhrath nó a cheartú); ag tabhairt dá haire, dá mba rud é gur bhain an Coimisiún úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dó, go mbeadh an leibhéal measta earráide 1,19 bpointe céatadáin níos ísle; á iarraidh ar an gCoimisiún, d'ainneoin an fheabhsaithe i ndáil le 2019, dlús a chur lena iarrachtaí feabhas a chur ar a phróisis chun dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart a fhíorú agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach chuí ar na fíoruithe; á áitiú, thairis sin, gur cheart aird bhreise a thabhairt ar sheiceálacha *ex ante* agus gur cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá ann cheana;

15. á mheas go mbeidh na gníomhaíochtaí faireacháin níos éifeachtaí má dhéantar faisnéis ón gCoimisiún a fhoilsiú agus a chomhroinnt go rialta leis an údarás um urscaoileadh roimh ré ar choinníoll go bhfuil an foilsiú agus an chomhroinnt sin i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún dul ar aghaidh le formáid réamhbhunaithe le haghaidh na cumarsáide idir tíortha comhpháirtíochta, tairbhithe CEF agus an tAontas d'fhonn na hearráidí a d'aimsigh an Chúirt a laghdú;

17. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go ndearna an Coimisiún agus a chomhpháirtithe cur chun feidhme in 2020 níos mó earráidí in idirbhearta a bhain le deontais agus le comhaontuithe ranníocaíochta agus tarmligin le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus ná mar a rinne siad le cineálacha eile tacaíochta, amhail na cinn lena gcumhdaítear conarthaí oibreacha, soláthair agus seirbhíse (mar a tharla in 2019); ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, as 67 (65 in 2019) n-idirbheart den chineál sin a scrúdaigh an Chúirt, go raibh earráidí suntasacha inchainníochtaithe i 27 díobh (40,3 %) i gcomparáid le 25 idirbheart (38 %) in 2019), arbh ionann iad agus 94,2 % den leibhéal measta earráidí (71,7 % in 2019); á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis chuimsitheach, nuashonraithe agus mhionsonraithe a fhoilsiú maidir le tionscadail a fuair cistiú agus maidir le faighteoirí cistí faoi na tionscadail sin, chun a chur chuige rioscabhunaithe a fheabhsú agus chun acmhainneacht rialúcháin a infheistiú i réimsí ar mó an baol earráidí a bhaineann leo; á athdhearbhú gur cheart aird bhreise a thabhairt ar sheiceálacha *ex ante* agus gur cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun cur leis an bhfíorú caiteachais;

18. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, d'ainneoin na hanailíse dearfaí a rinne AS INTPA ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta le haghaidh 2020 (scór níos fearr faighte ag 14 Phríomhtháscaire Feidhmíochta ná mar a bhí amhlaidh in 2019), an bharúil ón gCúirt, mar a bhí amhlaidh blianta roimhe seo, go léirítear le minicíocht na n-earráidí a sainaithníodh, lena n-áirítear roinnt earráidí atá in éilimh dheiridh a bhí faoi réir iniúchadh seachtrach agus fíoruithe caiteachais *ex ante*, go bhfuil laigí fós sna seiceálacha sin; á athdhearbhú go bhfuil sí ag dréim leis go mbeidh an córas rialúcháin níos déine agus á iarraidh ar AS INTPA leanúint de na hiarrachtaí feabhas a chur ar an measúnú ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht a chórais rialúcháin trí phríomhtháscairí feidhmíochta a shainaithint don dá cheann, trí spriocanna réalaíocha uaillmhianacha a leagan síos agus trína chóras rialúcháin a chur faoi fhaireachán agus a fheabhsú; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún ardán a chur ar bun lena gcumhdófar tionscadail atá cistithe ag CEF de réir tíre, agus a bheidh dírithe ar fhaighteoirí deiridh na gcistí faoi na tionscadail sin, ar spriocanna ginearálta agus sonracha tionscadail agus, thar aon ní eile, ar a dtorthaí praiticiúla ó thaobh an mhéadaithe inmhianaithe ar na hinnéacsanna forbartha; ag tabhairt le fios go méadófaí iontaofacht an rialaithe agus infheictheacht chabhair um fhorbairt an Aontais dá ndéanfaí ardán comhtháite idir-inoibritheach faisnéise agus faireacháin den sórt sin a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, machnamh a dhéanamh freisin ar dhul i mbun idirphlé leis na tíortha is tairbhithe i dtaca leis an bhféidearthacht uirlis aonair scórála riosca a úsáid amach anseo;

19. á chur in iúl gurb oth léi nár thug an Coimisiún aon obair leantach sna freagraí ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte i ndáil leis an mbarúil shonrach maidir leis an laige atriallach agus á mheas go bhféadfadh sé nach mbeadh cúinsí costéifeachtúlachta a d'úsáid an Coimisiún i seiceálacha *ex post* éifeachtach agus go bhféadfadh sé go n-eascródh astu na laigí ceannanna céanna atá á gcur in iúl ag an gCúirt agus ag an bParlaimint le fada; á iarraidh ar an gCoimisiún an cur chuige sin a athbhreithniú ionas go dtabharfar aghaidh iomlán ar na heasnaimh agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas go rialta faoi aon dul chun cinn a bheidh déanta;

20. ag tabhairt dá haire gur measadh sa naoú staidéar ar an ráta earráidí iarmharacha de chuid AS INTPA, a rinne conraitheoir seachtrach thar a cheann in 2020, go raibh an ráta earráidí iarmharacha foriomlán faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 % arna leagan síos ag an gCoimisiún don chúigiú bliain as a chéile (0,95 % in 2020); 1,13 % in 2019; 0,85 % in 2018; 1,18 % 2017; 1,67 % 2016) ([2]);

21. á chur i bhfios gur amhlaidh, mar a tharla sna blianta roimhe seo, a mheasann an Chúirt go bhfuil go leor tosca ann a chuireann le gannmheastachán an ráta earráidí iarmharacha, mar a tarraingíodh anuas i réiteach um urscaoileadh na bliana 2019, agus gurb iad na príomhtheorainneacha an modh chun an ráta earráidí iarmharacha a chinneadh agus róspleáchas ar obair rialúcháin a rinne an Coimisiún go díreach nó a rinne tríú páirtithe neamhspleácha (sciar 17 % a bhí ina spleáchas iomlán agus 37 % a bhí ina spleáchas páirteach); ag tacú leis an meastóireacht ón gCúirt atá contrártha le cuspóir an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha, arb é atá sa chuspóir sin na hearráidí siúd nár thángthas orthu sna seiceálacha sin a shainaithint;

22. ag tabhairt dá haire go n-eascraíonn toisc eile as an bhfíoras go ndírítear sa staidéar ar an ráta earráidí iarmharacha ar athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí ísealriosca amhail ionstraimí tacaíochta buiséadaí, agus dá bharr sin go laghdaítear an fhéidearthacht go n-aimseofar earráidí iarbhír, i gcomparáid le hathbhreithniú iomlán ar réimsí ardriosca amhail deontais agus conarthaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le gníomhaireachtaí de chuid na mBallstát;

23. á mheabhrú gur áiríodh cheana i dtuarascáil bhliantúil CEF, 2019 an moladh ón gCúirt don Choimisiún forchoimeádais a eisiúint do na réimsí uile a bhféadfadh riosca ardleibhéil a bheith iontu, gan beann ar a sciar den chaiteachas iomlán agus a dtionchar airgeadais; á chur in iúl gurb oth léi nach nglacann an Coimisiún leis an moladh; ag tabhairt chun suntais go bhfuil an Chúirt an-soiléir agus comhsheasmhach agus á chur in iúl go bhfuil an Coimisiún ag laghdú a chumais rioscaí a shainaithint ina réimse iomlán freagrachta tríd an riail *de minimis* a chur

([2]) https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/annualreports-2020/annualreports-2020_EN.pdf, mír 32.

i bhfeidhm; á mheas gur staid an-chontúirteach é réimsí a eisiamh mar gheall ar a dtionchar airgeadais ach iad fós ina réimsí a measann AS INTPA féin go bhfuil ardriosca ag baint leo; ag tacú go láidir leis an gCúirt sa mholadh uaithi agus á iarraidh ar an gCoimisiún a chur chuige a athbhreithniú dá réir sin;

24. á chur in iúl gurb é a tuairim gur fiú béim a chur ar an bpointe nach ndéantar, sa chreat rialála lena rialaítear an staidéar ar an ráta earráidí iarmharacha agus an conradh idir AS INTPA agus conraitheoir an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha, foráil maidir le haon chur chuige sistéamach chun tuairisciú a dhéanamh ar chalaois amhrasta in aghaidh bhuiséad an Aontais a bhraitear le linn a chuid oibre i dtaca leis an ráta earráidí iarmharacha; ag tacú go láidir le moladh na Cúirte sa réimse sin; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, gur ghlac an Coimisiún lámhleabhar agus modheolaíocht nua le haghaidh an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha ag tús mhí Eanáir 2022, agus na barúlacha ón gCúirt á gcur san áireamh a mhéid is féidir; ag tabhairt dá haire, leis an leagan nua den lámhleabhar, go méadaítear líon na gcuairteanna allamuigh ó 9 go 12 agus go dtugtar soiléiriú breise faoi sheiceálacha soláthair; á iarraidh, chun teorainn a chur leis an spleáchas ar obair rialaithe a rinneadh roimhe seo, go ndéanfaí faireachán ar na seiceálacha sin i bhfianaise na meán stairiúil, nithe nár cheart a shárú go mór gan údar cuí mionsonraithe a thabhairt; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, go bhfuil oibleagáid anois ar chonraitheoir an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha fógra a thabhairt don Choimisiún, gan mhoill, faoi aon amhras gur tharla calaois nó mírialtacht nó gur dócha gur tharla sí; á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise líon ard na n-imscrúduithe calaoise le blianta beaga anuas, trédhearcacht níos fearr a áirithiú i dtaca leis an sreabhadh airgid agus na córais rialaithe a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis na bearta a tugadh isteach sa mhodheolaíocht i dtaca leis an ráta earráidí iarmharacha nó sna téarmaí tagartha chun cur in iúl calaoise amhrasta ag conraitheoir an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha a chur ar bhonn foirmiúil;

25. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt ráiteas maidir leis an easpa forchoimeádas, arb easpa gan údar í, i dtuarascáil bhliantúil 2020 ar ghníomhaíochtaí mar gheall ar theorainneacha an staidéir ar an ráta earráidí iarmharacha, ar thaobh amháin, agus caomhnú na rialach *de minimis*, is é sin níos lú ná 5 % de na híocaíochtaí iomlána a bhfuil tionchar airgeadais níos lú ná EUR 5 mhilliún acu, ar an taobh eile; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh an mheastóireacht sin difear a dhéanamh d'éifeachtacht na tuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó AS INTPA;

26. ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, ag deireadh 2020, a bhí 17 n-imscrúdú calaoise ar siúl (19 in 2019);

27. á chur i bhfáth go gcruthaítear leis an méid ollmhór acmhainní arna leithdháileadh chun freagairt ar na riachtanais phráinneacha a thagann as géarchéim COVID-19, mar aon le bearta maoirseachta agus cuntasachta níos solúbtha, neart deiseanna freisin chun go bhfásfaidh an chalaois agus an t-éilliú agus go mbeidh rath orthu; á mheabhrú nach amháin go bhfuil an t-éilliú díobhálach don fhreagairt ar ghéarchéimeanna agus don téarnamh uathu ach go mbaintear an bonn de bhaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus Chlár Oibre 2030 dá dheasca; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur léiríodh le rioscaí calaoise agus éillithe, fiú roimh phaindéim COVID-19, nár leor na hiarrachtaí a bhí ar bun chun an t-éilliú agus an chalaois a chomhrac agus a chosc; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh maidir le héilliú agus calaois a chomhrac, laistigh de theorainneacha a sainordaithe;

28. á chreidiúint gur cheart díriú ar bhealach níos fearr ar FBManna áitiúla mar aon leis an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar bhunchloch an chomhair i dtaca le bainistiú réimse na dtionscadal de chuid thoscaireachtaí AE; á chur i bhfios go láidir nach mór níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun prionsabail an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt a chomhlíonadh, go háirithe maidir le beartais trádála, talmhaíochta, iascaigh, chomhshaoil, aeráide agus imirce an Aontais mar aon lena bheartas eachtrach agus slándála, chun cuspóirí éifeachtachta cabhrach a bhaint amach; ag athdhearbhú nach mór don chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt a bheith ina chuspóir tábhachtach den chur chuige comhleanúnach arna cheapadh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)-an Eoraip Dhomhanda ([3]);

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag AS INTPA chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as úsáid nósanna imeachta eisceachtúla airgeadais nó soláthair sa fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, go háirithe trí bhíthin tacaíocht bhuiséadach; ag tabhairt dá haire, áfach, gurb é riosca an éillithe agus na calaoise an riosca is mó a bhraitheann daoine atá ann i ngach réigiún, fiú más féidir laghdú beag a thabhairt faoi deara le himeacht ama; á iarraidh ar AS INTPA leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí agus aird ar leith a thabhairt ar na tíortha is leochailí; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid an údaráis um urscaoileadh maidir le haon fhorbairtí breise;

([3]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

30. ag tabhairt dá haire gur fhorbair AS INTPA dréachtstraitéis frithchalaoise nua in 2020, agus gur cuireadh moill ar a glacadh go 2021; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an straitéis frithchalaoise bunaithe ar shuirbhé AS INTPA chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus ar rialuithe, ar anailís riosca a bheidh le nascadh leis an ICFCI nua, ar na modhanna nua cur chun feidhme agus ar straitéis frithchalaoise an Choimisiúin a glacadh in 2019; ag cur béim freisin ar an ról atá ag an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh mar uirlis riachtanach chun pionós a ghearradh ar chalaois agus ag moladh arís do AS INTPA úsáid an chórais sin a chur in iúl ar bhealach níos fearr;

31. ag tabhairt dá haire le teann sásaimh go bhfuil gealltanas leanúnach tugtha ag an Ríocht Aontaithe go gcomhlíonfaidh sí a cuid oibleagáidí uile faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair agus faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin amhail is dá mba Bhallstát fós í, mar a léirítear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go luaitear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirtí in CEFanna go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus na CEFanna uile atá gan dúnadh roimhe sin, agus go bhfuil sí chun, i ndáil leis sin, na hoibleagáidí céanna a ghlacadh agus atá á nglacadh ag na Ballstáit faoin gComhaontú Inmheánach lenar bunaíodh í agus na hoibleagáidí a eascraíonn as CEFanna roimhe seo go dtí go ndúnfar iad, agus go bhfuil an Ríocht Aontaithe i dteideal a bheith rannpháirteach, mar bhreathnóir gan cearta vótála, sa Choiste CEF;

Comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le gníomhaireachtaí forbartha an Aontais agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha

32. ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an bhfaireachán rialta ar na ceanglais maidir le measúnú na gcolún agus na tuarascálacha ón gCoimisiún ina leith in ainneoin thionchar an víris COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar mheasúnuithe na gcolún agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn agus faoi na torthaí i bhfianaise an mheasúnaithe chomhlántaigh ar na heintitis uile a ndearnadh measúnú colún orthu agus i bhfianaise na sprice go gcuirfí i gcrích iad faoi dheireadh 2021, spriocdháta ar cuireadh síneadh leis de bharr COVID-19 ([4]);

33. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur amhlaidh, ó thréimhse 2021-2027 CAI, go ndearnadh na CEFanna, an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt agus ionstraimí eile leis an ionstraim "ICFCI-an Eoraip Dhomhanda" a ionchorprú i mbuiséad ginearálta an Aontais faoi cheannteideal 4 "an Eoraip Dhomhanda", arb ionann é sin agus 6,6 % nó EUR 11,4 billiún de bhuiséad ginearálta an Aontais: den mhéid sin, caitear EUR 3 bhilliún (26,7 %) ar an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, EUR 2,7 billiún (23,2 %) ar an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, EUR 1,9 billiún (16,9 %) ar an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, EUR 1,9 billiún (16,8 %) ar chabhair dhaonnúil, agus an chuid eile de ghníomhaíochtaí agus cláir eile; ag tabhairt dá haire gur ionchorpraíodh modhanna cur chun feidhme agus forálacha solúbthachta áirithe de chuid CEFanna i Rialachán (AE) 2021/947; á mheabhrú gur éileamh seanbhunaithe de chuid na Parlaiminte é buiséadú CEFanna;

34. á chur in iúl gur geal léi nach mbeidh maoiniú an chomhair sin faoi réir comhaontú idir-rialtasach idir na Ballstáit a thuilleadh ach go ndéanfar an comhar sin a mhaoiniú ina ionad sin trí chóras acmhainní dílse bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, áfach, go leanfar de thionscadail leanúnacha arna maoiniú faoi CEFanna roimhe seo, lena n-áirítear an 11ú CEF, i dtíortha ACC a chur chun feidhme i gcomhréir lena rialacha sonracha go dtí go gcuirfear i gcrích ina n-iomláine iad agus ag dréim leis go mbeidh tionchar an fhorluí normataigh sin teoranta;

35. á chur i bhfáth go bhfuil freagrachtaí agus cúraimí institiúideacha nua i gceist le leagan amach nua den sórt sin, go háirithe don Pharlaimint mar bhrainse amháin den údarás buiséadach don bhuiséad bliantúil; ag dréim leis go mbeidh tairbhe le baint as na socruithe nua sin ag an trédhearcacht bhuiséadach, ag an gcomhleanúnachas beartais agus ag an gcuntasacht dhaonlathach; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról níos mó ag Parlaimint na hEorpa i réimse na gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta faoin Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tríd an idirphlé ardleibhéil geopholaitiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún, maidir leis an ionstraim airgeadais nua "ICFCI-an Eoraip Dhomhanda", arb í an ionstraim a thiocfaidh i gcomharbacht ar na CEFanna í, faisnéis a thaispeáint, ar bhonn tíre agus ó thús chur chun feidhme ghníomhaíochtaí ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, faoi na gníomhaíochtaí uile a chistítear leis an ionstraim sin, bídís cómhaoinithe nó ná bídís le deontais nó iasachtaí ó aon ghníomhaí eile, i dtaca le méideanna an chistithe ón Aontas agus torthaí ar bhealach caighdeánaithe atá comhchuibhithe leis na Ballstáit agus ar bhealach atá intuigthe go héasca ag saoránaigh an Aontais agus ag saoránaigh na dtíortha comhpháirtíochta;

([4]) https://ec.europa.eu/info/system/files/annual-activity-report-2020-international-partnerships-annexes_en.pdf, lch. 446-447.

36. á athdhearbhú gur gá trédhearcacht iomlán sonraí, agus an rochtain orthu, a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais atá ann cheana, maidir le tionscadail arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag eagraíochtaí sochaí sibhialta agus gur gá rialacha soiléire a thabhairt maidir le rialú agus faireachán;

37. á chur i bhfáth arís nach mór d'eintitis a bhfuil cur chun feidhme chistí an Aontais curtha ar a n-iontaoibh, mar phrionsabal ginearálta, prionsabail an bhainistithe fhónta airgeadais agus na trédhearcachta a urramú; á chur i bhfáth nach mór d'aon eintiteas rannchuidiú go hiomlán le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus nach mór dó, mar choinníoll chun cistí a fháil, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Chúirt agus do OLAF;

38. ag tabhairt dá haire go bhfuil gá fós le cur chuige níos córasaí i dtaca le tacaíocht an Aontais agus na hiarrachtaí a dhéanann sé dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a chur in iúl dá chomhpháirtithe chun infheictheacht an Aontais a fheabhsú agus chun trédhearcacht, cuntasacht agus dícheall cuí chearta an duine a neartú feadh shlabhra an chistithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil tábhacht le cur chuige Fhoireann na hEorpa maidir le héifeachtacht agus infheictheacht chúnamh an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún iarracht i bhfad níos mó a dhéanamh rialuithe samplacha ar an láthair a dhéanamh blianta tar éis do na tionscadail chómhaoinithe a bheith tugtha chun críche chun tionchar leanúnach agus feidhmíocht idirghabhálacha CEF a sheiceáil agus chun na bearta is gá a dhéanamh chun tionchar fadtéarmach na dtionscadal a áirithiú;

Tacaíocht bhuiséadach an Aontais

39. ag tabhairt dá haire go gcomhlánaítear an creat ginearálta um thacaíocht bhuiséadach, faoinar féidir tacaíocht bhuiséadach a úsáid mar mhodh cur chun feidhme i réimse na gníomhaíochta seachtraí, le sraith treoirlínte cuimsitheacha lena gcuirtear treoir mhionsonraithe ([5]) ar fáil maidir leis na nósanna imeachta chun bainistiú riosca fónta a choimirciú agus chun athbhreithniú cáilíochta, faireachán agus tuairisciú ag toscaireachtaí de chuid an Aontais agus ag seirbhísí lárnacha an Choimisiúin a chur chun feidhme; á chur in iúl go dtuigeann sí go bhfuil feabhas tagtha le himeacht ama ar na treoirlínte um thacaíocht bhuiséadach agus ar na socruithe inmheánacha, lena n-áirítear ar mholtaí a fuarthas ón gCúirt agus ón bParlaimint;

40. ag tabhairt dá haire go gcumhdaítear réimse leathan earnálacha le tacaíocht an Aontais, agus 228 conradh curtha chun feidhme in 95 thír nó críoch in 2020, arb ionann iad, ar an meán, agus thart ar 40 % de na cláir náisiúnta um chomhar le tíortha comhpháirtíochta; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, cé go ndearnadh íocaíochtaí idir EUR 1,6 billiún agus EUR 1,8 billiún in aghaidh na bliana idir 2014 agus 2019, gurbh ionann eisíocaíochtaí tacaíochta buiséadaí an Aontais agus beagnach EUR 3 bhilliún in 2020 de thoradh phaindéim COVID-19; á mheas go raibh an tacaíocht sin ríthábhachtach mar chabhair chun athléimneacht na dtíortha a chothú, ionas gurbh fhéidir leo díriú ar athchóirithe in earnálacha éagsúla agus teacht roimh a thuilleadh cúluithe eacnamaíocha agus sóisialta;

41. ag tabhairt dá haire gur ionann ranníocaíocht tacaíochta buiséadaí na CEFanna agus 39 % de mhéid iomlán thacaíocht bhuiséadach an Aontais a íocadh in 2020 (EUR 1 164 mhilliún as EUR 2 986 mhilliún); ag tabhairt dá haire gur bhain 40 tír ACC agus 8 dtír agus críoch thar lear tairbhe as tacaíocht bhuiséadach in 2020;

42. ag tabhairt dá haire gur shroich ranníocaíocht CEFanna le gníomhaíochtaí tacaíochta buiséadaí in 2020 EUR 1 240,6 milliún (i gcomparáid le EUR 790,3 milliún in 2019), arbh ionann EUR 552,3 milliún de sin agus gealltanais nua (i gcomparáid le EUR 366,8 milliún in 2019), agus cumhdach geografach 60 tír chomhpháirtíochta (5 níos mó ná in 2019) ann, arb ionann é agus 102 chonradh tacaíochta buiséadaí (20 níos mó ná in 2019); ag tabhairt faoi deara go ndearnadh EUR 82,8 milliún (i gcomparáid le EUR 70,0 milliún in 2019) a eisíoc trí CEFanna le haghaidh 12 thír agus go raibh 13 chonradh tacaíochta buiséadaí faoina chuimsiú sin, an méid céanna agus a bhí i gceist sa bhliain airgeadais 2019;

43. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurb í an Afraic fho-Shahárach an faighteoir a fuair an méid is mó den tacaíocht bhuiséadach in 2020 agus sciar 38 % (36 % in 2019) faighte aici; ag tabhairt faoi deara, thairis sin, gur tíortha íseal-mheánioncaim a fuair 52,4 % (47 % in 2019) de na gealltanais leanúnacha iomlána; ag tabhairt dá haire gur tíortha ísealioncaim a fuair 29,4 % de na gealltanais iomlána, ar dearbhú é ar an treocht laghdaitheach a thug sí dá haire in 2019 (32 % i gcomparáid le 38 % in 2018); ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, ar an iomlán, atá 47 % de na cláir leanúnacha tacaíochta buiséadaí á gcur chun feidhme sna tíortha is lú forbairt;

([5]) https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/budget-support-guidelines-2017_en.pdf

44. á mheabhrú gurb é is aidhm don tacaíocht bhuiséadach an chomhpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta an Aontais a neartú, an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, an bhochtaineacht a dhíothú, neamhionannais a laghdú agus an tsíocháin agus an daonlathas a dhaingniú, agus é mar aidhm léi ar deireadh rannchuidiú le baint amach na SDGanna; ag tabhairt dá haire go bhfuil tacaíocht bhuiséadach an Aontais le treorú ag prionsabail éifeachtachta Busan a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, amhail an úinéireacht ag na tíortha comhpháirtíochta, an fócas ar thorthaí, an chuimsitheacht agus an chuntasacht; ag tabhairt chun suntais gur amhlaidh, toisc go gcothaítear léi an trédhearcacht agus an dea-rialachas, go bhfuil an tacaíocht bhuiséadach ina rannchuidiú freisin leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus na calaoise; á mheabhrú nach mór don tacaíocht bhuiséadach freagairt do riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta agus do phríomhbheartais an Aontais; á mheabhrú gur gá feidhmíocht na gclár agus a dtionchar i dtíortha comhpháirtíochta agus ar an bpobal sibhialtach a thomhas freisin;

45. ag tabhairt dá haire, ó thaobh an rannchuidithe choibhneasta leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) de, go rannchuidíonn cláir tacaíochta buiséadaí go mór le SDG 16 (síocháin, ceartas agus rialachas), SDG 17 (comhpháirtíochtaí), SDG 5 (comhionannas inscne) agus SDG 1 (díothú na bochtaineachta); á chur in iúl gur geal léi raon feidhme láidir ilghnéitheach na gclár tacaíochta buiséadaí agus á mheas gur cheart dóibh tacú leis an bhfiontraíocht agus leis an tionscnaíocht phríobháideach chun an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a threisiú, mar a mholtar in SDG 9 (Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú) agus in SDG 17 (na modhanna cur chun feidhme a neartú agus an chomhpháirtíocht dhomhanda a athbheochan ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe);

46. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an bhfiontraíocht agus ag an earnáil phríobháideach sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta trí phoist, geilleagar inbhuanaithe agus fás inbhuanaithe a chruthú; ag tabhairt chun suntais gur féidir le soláthar oiliúna gnó cabhrú le fiontraithe ar mhionscála gnólachtaí a chur ar bun agus na cleachtais ghnó a fheabhsú i dtíortha comhpháirtíochta; ag tabhairt dá haire, chun éifeachtacht na gclár sin a fheabhsú, gur cheart an oiliúint sin a chomhlánú le tacaíocht shaincheaptha agus le seirbhísí leantacha; á iarraidh, sa bhreis air sin, go leanfaí de chumhachtú na mban agus na bhfear araon, mar aon leis na beartais is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ábhartha sin;

47. ag admháil gur athcheap an Coimisiún na cláir sin mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, rud a fhágann gur cuireadh táscairí ó mhaith (níl siad ábhartha de bharr na géarchéime nó níl siad bailí a thuilleadh) agus go ndearnadh tráinsí athraitheacha a thiontú ina dtráinsí seasta; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbaineann scoithdhátaí le roinnt de na táscairí agus de na spriocanna agus gur cuireadh ar athló go 2021 iad; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, gur tháinig athrú ar an gcóimheas idir tráinsí seasta agus tráinsí athraitheacha in 2020, agus meánsciar 84 % bainte amach i gcás tráinsí seasta (44 % in 2019) agus 16 % i gcás tráinsí athraitheacha (56 % in 2019); á mheabhrú, i ndáil leis sin, go bhféadfadh tráinsí athraitheacha tionchar níos fearr a imirt ó thaobh an t-idirphlé beartais agus polaitiúil leis na tíortha comhpháirtíochta a dhoimhniú maidir leis na príomh-athchóirithe atá le déanamh; á iarraidh, dá bhrí sin, í a choinneáil ar an eolas maidir le héifeachtaí agus torthaí athcheapadh na gclár; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár choinnigh ach an Mhuir Chairib, an Afraic láir, Meiriceá Laidineach agus na Balcáin Thiar tráinsí athraitheacha a bhí níos mó go coibhneasta ina gcuid íocaíochtaí ina n-iomláine;

48. á iarraidh arís ar sheirbhísí an Choimisiúin leanúint de mheasúnú docht a dhéanamh ina n-idirphlé beartais ar na rioscaí a bhaineann le seachaint cánach corparáide, le himghabháil cánach agus le sreafaí aindleathacha airgeadais lena ndéantar difear do thíortha i mbéal forbartha go háirithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar shlógadh an ioncaim intíre agus ar bhainistiú an airgeadais phoiblí i gcoitinne, ar cuid de na critéir tacaíochta buiséadaí é; ag moladh don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar fioscach agus cabhrú le cuspóirí atá dírithe ar infheistíocht a bhunú;

49. á mheas gur cheart a chur san áireamh sna measúnuithe ar riachtanais i ndáil le clársceidealú ICFCI-an Eoraip Dhomhanda staideanna fiachais na dtíortha agus an chaoi a dtéann na staideanna sin i bhfeidhm ar an gcumas na SDGanna a bhaint amach;

50. ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé do dheontóirí nach ndéanfaí an t-ualach fiachais a mhéadú; ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit tionscnamh nua um fhaoiseamh fiachais a fhorbairt, mar chéad chéim, agus é sin sa bhreis ar na gealltanais a thug sé maidir le moratóir fiachais, le haghaidh na dtíortha bochta a bhfuil fiacha ollmhóra orthu; á iarraidh, ar bhonn níos leithne, go gcruthófaí sásra iltaobhach chun fiachas a oibriú amach chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime fiachais agus ar cheanglais mhaoinithe Chlár Oibre 2030 araon;

Feidhmíocht

51. ag tabhairt dá haire go gcuirtear tacaíocht an Aontais chun feidhme i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, lena n-éilítear cur chuige iomlánaíoch i leith na forbartha sóisialta, eacnamaíche agus comhshaoil, agus é sin bunaithe ar na SDGanna;

52. ag moladh don Choimisiún leanúint dá chuid iarrachtaí rátaí earráide a laghdú trí bhearta comhréireacha a dhéanamh mar fhreagairt ar limistéir ardriosca a sainaithníodh cheana féin;

53. ag aithint go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar an Eoraip agus ar an gcuid eile den domhan in 2020 agus á chur in iúl gur geal léi an fhreagairt chomhordaithe ón gCoimisiún ar an ngéarchéim shláinte agus ar an tionchar ar gheilleagar agus ar shochaí na hEorpa; ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin ag baint le paindéim COVID-19 a mhéid a bhaineann le feidhmíocht, rialú, iniúchóireacht agus dearbhú i ndáil le buiséad an Aontais don bhliain 2020; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndearna seirbhísí uile an Choimisiúin iarrachtaí cosaint chomhsheasmhach dhian bhuiséad an Aontais a chur chun cinn, agus gur áirithíodh leis na hiarrachtaí sin gur cuireadh bearta maolaitheacha iomchuí i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire gur mar fhreagairt chomhpháirteach ar phaindéim COVID-19 a sheol gníomhaithe forbartha uile na hEorpa cur chuige Fhoireann na hEorpa chun tacú le cur chun cinn na dtosaíochtaí agus na gcaighdeán beartais Eorpach;

54. ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil cur chun feidhme fhreagairt Fhoireann na hEorpa ar phaindéim COVID-19 an-éifeachtach, agus gurbh fhéidir dá chionn sin na hacmhainní CEF a bhí ar fáil le haghaidh 2020 a fhorghníomhú go hiomlán; ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú tagtha ar líon na gcuairteanna ar thionscadail, ar cuireadh cian-iniúchtaí ina n-ionad de dheasca COVID-19; á mheas nach féidir comparáid a dhéanamh idir iniúchtaí cianda agus físorsheiceálacha ar an láthair agus á iarraidh ar an gCoimisiún cuairteanna a atosú a luaithe is féidir agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh ó thaobh teicneolaíochtaí agus ionstraimí a úsáid chun cuairteanna a chomhlánú;

55. ag aithint go raibh dea-tionchar uilíoch ar an iomlán ag an tSaoráid um Rochtain Dhomhanda ar Vacsaín COVID-19 (COVAX), saoráid ar bhain roinnt dúshláin cur chun feidhme agus laigí di i rith an phróisis, agus á chur in iúl gur geal léi an dea-thionchar sin; ag tabhairt dá haire, faoi lár mhí an Mhárta 2022, go raibh os cionn 1,3 billiún dáileog curtha ar fáil ag COVAX do 144 thír agus gur saor in aisce a deonaíodh os cionn 500 milliún dáileog díobh sin; ag tabhairt dá haire, faoi lár mhí an Mhárta 2022, go raibh os cionn 400 milliún dáileog roinnte ag na Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur chuir ganntanas soláthair bac ar thionchar COVAX, rud a d'fhág nárbh fhéidir le COVAX an sprioc a bhí aige le haghaidh 2021 a bhaint amach ([6]);

56. á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit leanúint de bheith ag infheistiú i vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus i vacsaíní eile do thíortha atá i mbéal forbartha agus ag cabhrú le feabhas a chur ar shlabhraí dáileacháin;

57. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá AS INTPA maidir leis an oideachas, i bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá aige san fhorbairt dhaonna agus mar phríomhchumasóir le haghaidh thosaíochtaí uile an Aontais; á chur in iúl gur geal léi, chuige sin, an caiteachas méadaithe ar an oideachas in 2020, ag dul ó 7 % go 10 % de phunann iomlán AS INTPA; ag tabhairt dá haire le teann sásaimh gur thacaigh AS INTPA, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, leis na pobail is leochailí sna tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí thionscnaimh dhomhanda oideachais, ionas nach bhfágfar glúin iomlán daoine ar gcúl; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an rochtain chéanna ag cailíní agus buachaillí ar an oideachas agus ar an scoil i ngach tír chomhpháirtíochta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur tosaíocht é an comhionannas deiseanna i gcúrsaí forbartha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór rochtain na mban óg ar thionscadail agus cistí Eorpacha a spreagadh i dtíortha comhpháirtíochta;

58. ag meabhrú gur cheart aird ar leith a thabhairt ar phobail leochaileacha, ós rud é go mbíonn níos mó deacrachtaí acu ó thaobh inrochtaineachta de; á iarraidh go gceapfaí bearta agus cláir nithiúla agus go ndéanfaí tuilleadh cistithe a leithdháileadh, go háirithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas;

59. ag tabhairt dá haire go bhfuil CEFanna tar éis rannchuidiú go dearfach le torthaí forbartha ar leibhéal na tíre, ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach raibh torthaí le sonrú chomh héasca céanna ar an leibhéal réigiúnach; á chur i bhfios go láidir go bhfuarthas amach nach ndearnadh prionsabail na húinéireachta, an bhainistithe de réir torthaí agus na cuntasachta frithpháirtí a chur i bhfeidhm chomh comhsheasmhach céanna faoin 11ú CEF; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur léiríodh i meastóireacht an Choimisiúin gur ghá feabhas a chur ar thuairisciú CEFanna maidir le héifeachtacht chun é a dhéanamh níos cuntasaí; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Coimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh go han-chúramach agus ICFCI-an Eoraip Dhomhanda á cheapadh aige agus gur léiríodh iad sna táscairí a roghnaíodh;

([6]) Deais an Mhargaidh Vacsaíne COVID-19 | Rannán Soláthair Unicef, https://www.unicef.org/supply/covid-19-vaccine-market-dashboard

60. á iarraidh go ndéanfaí dlúthfhaireachán agus idirphlé beartais críochnúil le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le cuspóirí, an dul chun cinn i dtreo torthaí comhaontaithe agus táscairí feidhmíochta; á iarraidh arís eile ar an gCoimisiún an tionchar forbartha a bhfuiltear ag dréim leis a shainiú agus a thomhas ar bhealach níos fearr agus, go háirithe, feabhas a chur ar an sásra rialúcháin maidir le hiompar tíortha is tairbhithe i réimsí an éillithe, an smachta reachta, na hurraime do chearta an duine, an dea-rialachais agus an daonlathais; á chur i bhfáth gur gá an earnáil phríobháideach a áireamh san idirphlé straitéiseach sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil tábhacht leis an rialú daonlathach ar an gcaoi a n-úsáidtear tacaíocht bhuiséadach an Aontais i dtíortha is faighteoirí;

61. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún meastóireacht feidhmíochta a dhéanamh, ar bhonn tíre, ar na tionscadail fhadtéarmacha CEF-mhaoinithe chun léiriú a thabhairt ar an bhfíorthionchar ar an tír ábhartha a bhí ag infheistíocht an Aontais le deicheanna de bhlianta agus ar an gcaoi ar chabhraigh sé go héifeachtach le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus inbhuanaithe na dtíortha tairbhíocha; á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh i dtaca le tionscadail nár cuireadh chun feidhme ar bhealach éifeachtach nó éifeachtúil agus gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh amach anseo;

62. ag tabhairt dá haire gur amhlaidh, mar a tharla i dtuarascáil 2019, nár chuir an Chúirt feidhmíocht na CEFanna san áireamh i gCaibidil 6, dar teideal "an Eoraip Dhomhanda", dá tuarascáil maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire nach ndearna an Chúirt meastóireacht chothrománach mhionsonraithe ar fheidhmíocht na CEFanna go fóill; á aithint, mar gheall ar bhuiséadú CEF, go ndéanfaidh an Chúirt iniúchadh ar an CEF nua freisin mar chuid de bhuiséad fadtéarmach an Aontais;

63. ag tabhairt dá haire go bhfuil na CEFanna tar éis rannchuidiú le cuspóirí 14 (forbairt dhaonna) agus 12 (post inbhuanaithe) de chuid AS INTPA; á mheabhrú go bhfuil an tsláinte, comhionannas inscne, an t-oideachas, an fhostaíocht agus feabhsú dálaí maireachtála i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe ar mhaithe leis na daoine is leochailí, lena n-áirítear imircigh agus dídeanaithe; ag admháil gur chuir paindéim COVID-19 isteach ar shochaithe ar a lán bealaí, rud a bhain an bonn den dul chun cinn a baineadh amach san fhorbairt dhaonna le blianta beaga anuas, a chuir brú ar dhaoine leochaileacha, a ghéaraigh neamhionannais agus a chuir srianta leis an spás sibhialta agus daonlathach i ndaonlathais leochaileacha;

64. ag tabhairt dá haire go bhfuil cur chun feidhme buiséadach CEF teoranta anois d'íocaíochtaí ar ghealltanais a rinneadh roimh dháta deiridh an 31 Nollaig 2020 agus go bhfuil feidhm anois ag ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus ag rialacha ginearálta buiséid an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí an cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun feidhme go docht, agus cearta an duine i gcroílár gach gníomhaíochta, i gcomhréir le bosca uirlisí an Choimisiúin maidir leis an gcur chuige sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ina leith sin, an mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistí forbartha, lena n-áirítear na cistí sin atá i gCiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic (EUTF), agus na sáruithe ar chearta an duine a tuairiscíodh a bhaineann le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh sa Libia, san Aetóip, san Eiritré agus sa Nígir;

Ranníocaíochtaí ó BEI

65. ag tabhairt dá haire go gcuirfear beartas forbartha an Aontais chun feidhme trí ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, a bhfuil BEI ina phríomhfheidhmeoir de;

66. á athdhearbhú go meastar go rannchuideofar le cuspóirí beartais an Aontais de bharr oibríochtaí seachtracha BEI, ag cothú forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe sna tíortha díobh is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le comhlíonadh na gcuspóirí arna bhformheas ag an Aontas; ag aithint gur croíthopaicí in ollstruchtúr airgeadais forbartha an Aontais iad díothú na bochtaineachta, slógadh acmhainní intíre agus cearta an duine; á mheabhrú gurb í rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí cloch choirnéil na forbartha inbhuanaithe cuimsithí;

67. ag tabhairt dá haire go bhfuil BEI faoi cheangal ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfáth go ndéantar prionsabail chearta an duine a chomhtháthú ina nósanna imeachta agus ina chaighdeáin díchill chuí ar leibhéal na dtionscadal, lena n-áirítear trí chead a thabhairt eisíocaíochtaí a chur ar fionraí i gcás sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó ar chaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta; ag tabhairt dá haire gur treisíodh an sásra gearán ag deireadh 2018; á iarraidh ar BEI a áirithiú go mbeidh a shásra gearán sorochtana, tráthúil agus éifeachtach go héasca chun sáruithe féideartha ar chearta an duine i dtionscadail a bhaineann le BEI a bhrath agus a leigheas; á iarraidh ar BEI tuarascáil a thabhairt don Pharlaimint agus don Bhord Gobharnóirí maidir leis an tsaincheist sin;

68. á iarraidh ar BEI leanúint air ag tacú le baint amach na SDGanna trína ghníomhaíochtaí faoi chuimsiú sainorduithe sonracha arna gcinneadh ag an gComhairle agus ag an bParlaimint;

69. á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 14 Meitheamh 2021, inar iarradh ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) feabhas a chur ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le hiarrachtaí forbartha an Aontais trí straitéisí tiomnaithe, trí láithreacht níos mó ar an talamh ar fud an domhain agus trí chomhordú níos fearr le comhpháirtithe faoi chuimsiú fíorchur chuige de chuid Fhoireann na hEorpa, d'fhonn gníomhaíochtaí comhpháirteacha nuálacha a fhorbairt agus infheictheacht mhaoiniú seachtrach an Aontais a áirithiú;

70. ag machnamh ar an bpróiseas cuntasachta inarb í Parlaimint na hEorpa an t-údarás um urscaoileadh, cé is moite den tSaoráid Infheistíochta a ndéanann BEI bainistiú uirthi agus atá lasmuigh de raon feidhme iniúchadh na Cúirte dá bhrí sin ([7]);

Cistí Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic (EUTFanna)

71. á mheabhrú gur cruthaíodh dhá EUTF faoi na CEFanna, eadhon Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce mhírialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic (an "EUTF don Afraic") agus Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh Bêkou do Phoblacht na hAfraice Láir (an "EUTF Bêkou"); ag meabhrú an tseasaimh rialta atá glactha ag Parlaimint na hEorpa go n-áiritheodh an Coimisiún nach mór d'aon chiste iontaobhais a bhunaítear mar uirlis nua forbartha a bheith i gcomhréir i gcónaí le straitéis iomlán agus cuspóirí beartais forbartha an Aontais, i.e. an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, í a dhíothú mar a chumhdaítear in Airteagal 208 CFAE, agus nach mór dó a áirithiú go háirithe go dtabharfar tacaíocht do na tíortha is faighteoirí ní hamháin chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leis an imirce, lena n-áirítear an sreabhadh neamhrialta imirce, ach freisin chun an athléimneacht, deiseanna eacnamaíocha, an comhionannas deiseanna, sábháilteacht daoine agus an fhorbairt dhaonna agus shóisialta a chur chun cinn;

72. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar ranníocaíochtaí CEF le EUTFanna ó EUR 600 milliún in 2019 go EUR 800 milliún in 2020, agus go n-úsáidtear cistí breise CEF don EUTF don Afraic chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha imní i réigiúin na Saiheile agus Loch Shead agus Chorn na hAfraice, lena n-áirítear dúshláin slándála, iarrachtaí riachtanacha cobhsaíochta agus an fhreagairt ar phaindéim COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den fhaireachán agus, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa le déanaí ([8]), sásra éifeachtach agus neamhspleách faireacháin a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar cheann scríbe deiridh na dtionscadal de chuid EUTF a bhaineann leis an imirce i gcás sáruithe ar chearta bunúsacha agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na torthaí a bheidh orthu;

73. ag tabhairt dá haire go ndearna CEFanna ranníocaíocht airgeadais leis an EUTF Bêkou chun tacú le Poblacht na hAfraice Láir dul i ngleic le géarchéim COVID-19 agus an tír a atógáil agus a fhorbairt; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar atá ag Grúpa Wagner ar Fhórsaí Armtha na hAfraice Láir; á mheabhrú gur ann do rún uaithi an 25 Samhain 2021 maidir leis na sáruithe a rinne cuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála, go háirithe Grúpa Wagner, ar chearta an duine; á iarraidh arís ar an gCoimisiún a áirithiú nach féidir le tíortha is faighteoirí úsáid a bhaint as cistí an Aontais in aon imthosca chun cuideachtaí príobháideacha míleata a chistiú a bhfuil sáruithe den sórt sin déanta acu ar chearta an duine; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún cinneadh a mhisean oiliúna míleata a chur ar fionraí go sealadach de bharr gur ábhar imní iad gníomhaíochtaí Ghrúpa Wagner; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur chinn an tAontas i mí na Nollag 2021 bearta sriantacha a fhorchur i gcoinne Ghrúpa Wagner; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach n-íocfar aon chistí go díreach ná go hindíreach le conraitheoirí ná fochonraitheoirí ón Rúis, go háirithe i bhfianaise an chogaidh atá ar siúl san Úcráin faoi láthair; á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin an t-ábhar sin a tharraingt anuas san idirphlé déthaobhach a dhéanann sé leis na tíortha ábhartha uile agus ag moladh do thíortha a bheith go hiomlán trédhearcach maidir le seirbhísí tacaíochta míleata a chur ar conradh, go háirithe maidir le líon, cúraimí agus slabhraí ceannais na gcuideachtaí príobháideacha míleata agus slándála atá ar a gcríocha, mar aon leis an trealamh a úsáidtear chun a gconarthaí a chomhlíonadh;

74. ag tabhairt dá haire gur cuireadh an mheastóireacht mheántéarma ar an EUTF don Afraic i gcrích in 2020; ag tabhairt dá haire gurbh iad príomhthorthaí na tuarascála meastóireachta go bhfuil sainordú EUTF, mar ionstraim ghearrthéarmach, róleathan chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di cuid de na gnéithe cáinteacha a léirítear inti; ag tabhairt dá haire gur gá aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an imirce laistigh den Afraic arb ionann í agus beagnach 90 % de na sreabha imirce san Afraic; á iarraidh ar an gCoimisiún níos mó gníomhaíochtaí a dhíriú ar dhíothú na bochtaineachta i gcomhréir le príomhchuspóir na CEFanna, ionas go dtabharfar aghaidh ar na bunchúiseanna atá leis an imirce; ag tabhairt dá haire nár éirigh leis an EUTF don Afraic ach rannchuidiú beag a dhéanamh le deiseanna eacnamaíocha méadaithe agus le fostaíocht mhéadaithe; ag tacú leis an moladh, a leagtar amach sa tuarascáil

([7]) Féach Airteagail 43, 48-50 agus 58 de Rialachán (AE) 2015/323 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lch. 17); In 2012, le comhaontú tripháirteach idir BEI, an Coimisiún agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) (Airteagal 134 de Rialachán (CE) Uimh. 215/2008 ón gComhairle an 18 Feabhra 2008 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 10ú CEF (IO L 78, 19.3.2008, lch. 1)), leagtar amach na rialacha maidir leis an iniúchadh a dhéanann CIE ar na hoibríochtaí sin.

([8]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2021 ar an tuarascáil cur chun feidhme maidir le Cistí Iontaobhais AE agus leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (2020/2045(INI))

mheastóireachta, go n-iarrfaí go ndéanfaí tacaíocht an Aontais do dheiseanna eacnamaíocha agus do chruthú fostaíochta a chomhtháthú, i gcás inar féidir, le dinimic agus gníomhaithe an mhargaidh saothair áitiúil agus le hinfheistíocht na hearnála príobháidí ([9]); ag tacú go láidir leis an iarraidh go ndéanfaí meastóireacht *ex post*, lena n-áirítear ar an bhfeidhmíocht, aon bhliain amháin ar a laghad tar éis do ghníomhaíochtaí uile an EUTF don Afraic a bheith curtha i gcrích;

75. á iarraidh ar an gCoimisiún an athuair staidéar láidir measúnaithe riosca a dhéanamh ar an tionchar ar chearta an duine a bheidh ag na tionscadail uile atá ceaptha oiliúint a chur ar fhórsaí slándála thíortha na hAfraice agus iad a ullmhú;

76. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh atá déanta ag an gCoimisiún cistí a eascraíonn ón EUTF don Afraic a shaoradh, ar cistí iad a leithdháileadh ar dtús ar an Eiritré, go háirithe ar mhaithe le hathchóiriú bóithre a sholáthar inar úsáideadh saothar éigeantais;

77. á athdhearbhú gur cheart go mbeadh cruthú cistí iontaobhais nua coinníollach ar rannpháirtíocht iomlán na Parlaiminte sa phróiseas cinnteoireachta agus ar chumhacht cheart ghrinnscrúdúcháin a thabhairt di; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur iarradh athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais chun go mbeidh an Pharlaimint in ann a ról maoirseachta agus grinnscrúdúcháin dhaonlathaigh a fheidhmiú go héifeachtach;

Rioscaí agus dúshláin a bhaineann le cabhair CEF a chur chun feidhme

78. á mheabhrú, arís eile, gur réamhchoinníollacha dosheachanta iad an dea-rialachas, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine chun go mbeidh an chabhair éifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar staid an smachta reachta, ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus déthaobhacha agus ar an urraim do chearta an duine i dtíortha is faighteoirí nuair a bhíonn cabhair airgeadais á formheas aige; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid níos déine a bhaint as an gclásal a áirítear sna comhaontuithe airgeadais le tíortha comhpháirtíochta lena gcuirtear ar chumas an Choimisiúin an comhaontú a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás sárú ar oibleagáid a bhaineann le hurraim do chearta an duine, do phrionsabail dhaonlathacha agus don smacht reachta;

79. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur dhiúltaigh an Coimisiún do mholadh ón bParlaimint measúnú struchtúrtha agus meastóireacht ar chabhair agus tuairisciú ar thorthaí agus ar thionchar ghníomhaíochtaí a CEFanna a chur sa chéad tuarascáil bhliantúil eile ar ghníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go ndearnadh measúnú cheana féin ar thionchar ghníomhaíochtaí na CEFanna toisc gur táirgeadh agus gur tarchuireadh chuig an bParlaimint an tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú, ach á mheabhrú nach ndéantar idirdhealú i gcuid 1 de thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí AS INTPA ar ghníomhaíochtaí an bhuiséid ghinearálta agus na CEFanna, agus gur deacair dá chionn sin meastóireacht a dhéanamh ar an ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil torthaí tábhachtacha bainte amach ag na CEFanna ó thaobh aghaidh a thabhairt ar laghdú na bochtaineachta; á mheas, chun gur féidir léi a ról mar údarás um urscaoileadh a chomhlíonadh, go bhfuil na sonraí úsáideacha uile a d'fhéadfadh a bheith ann de dhíth ar Pharlaimint na hEorpa chun meastóireacht a dhéanamh ar na CEFanna agus ar a dtionchar; á iarraidh ar an gCoimisiún a sheasamh a athleasú agus freagairt dhearfach a thabhairt ar an iarraidh shonrach ón bParlaimint;

80. ag admháil go ndírítear na CEFanna den chuid is mó ar thíortha ar ilchríoch na hAfraice agus á mheas nár cheart tíortha oileánacha, roinnt de thíortha ACC agus, go háirithe, stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha a imeallú ó thaobh cuspóirí agus tionscadail pholaitiúla de; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh sineirgí agus comhleanúnachas níos fearr a áirithiú le beartais inmheánacha agus chothrománacha an Aontais a bhaineann le stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha, leis na tíortha agus leis na críocha is forimeallaí den Aontas agus leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas;

81. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go rachaidh an cistiú chun tairbhe do gach OCT go cothrom agus go comhionann; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do rialtais OCT i gcur chun feidhme na dtionscadal CEF, go háirithe trí bhíthin oiliúna agus cúnamh teicniúil;

82. ag tabhairt dá haire, leis an sásra cistiúcháin nua don chomhar um fhorbairt, is é sin "ICFCI-an Eoraip Dhomhanda", go ndéantar na roghanna cistiúcháin uile a bhí ann roimhe sin a chomhdhlúthú in aon ionstraim amháin agus iad ina gcuid de bhuiséad bliantúil an Aontais agus i dtréimhse 2021-2027 CAI; á mheabhrú gur éileamh seanbhunaithe de chuid na Parlaiminte é comhtháthú CEFanna i mbuiséad an Aontais agus gur athneartaíodh prionsabail bhuiséadacha, iad siúd a bhaineann le haontacht agus le bliantúlacht an bhuiséid go háirithe; ag tabhairt

([9]) https://ec.europa.eu/info/system/files/annual-activity-report-2020-international-partnerships-annexes_en.pdf, p. 731.

dá haire gurb é ICFCI-an Eoraip Dhomhanda an phríomhionstraim airgeadais do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais faoi láthair, le ngabhann leithdháileadh foriomlán EUR 79,5 billiún (i bpraghsanna reatha) don tréimhse 2021-2027; ag tabhairt dá haire go simplítear le ICFCI-an Eoraip Dhomhanda cistiú seachtrach an Aontais agus go gcumhdaítear leis comhar leis na tríú tíortha uile, cé is moite de thíortha atá luaite le réamhaontachas leis an Aontas (sna Balcáin Thiar) agus den Tuirc; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndéanfar an caiteachas forbartha a chumhdach go hiomlán, dá bhrí sin, faoi ghrinnscrúdú daonlathach na Parlaiminte; á chur in iúl gur geal léi freisin go mbainfidh OCTanna, faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, tairbhe as cistí méadaithe laistigh de bhuiséad an Aontais;

83. ag tabhairt dá haire go bhfuil rún daingean ag an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas beartais idir gníomhaíocht inmheánach agus gníomhaíocht sheachtrach; ag tabhairt chun suntais go bhfuil gá le comhleanúnachas níos láidre maidir le gníomhaíocht an Aontais i réigiún ACC, agus é á áirithiú go dtugtar tús áite do na cuspóirí forbartha agus go bhfuil na beartais i leith na dtíortha agus na gcríoch thar lear nasctha le forbairt a gcuid réigiún teorann agus go bhfuil siad i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais;

84. ag tabhairt dá haire gur le gníomhaireachtaí náisiúnta forbartha dhá Bhallstát (is iad sin an Fhrainc agus an Ghearmáin) a síníodh 73,3 % de na conarthaí le Ballstáit agus gur le *Agence française de développement* a síníodh 67 % de na conarthaí a síníodh le gníomhaireachtaí ón bhFrainc agus gur le *Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit* a síníodh 72 % de na conarthaí a síníodh le gníomhaireachtaí ón nGearmáin; á mheas, cé go n-aithníonn sí an saineolas atá acu, go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun an fhís i dtaca le tuilleadh gníomhaireachtaí náisiúnta forbartha a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis sin, lena n-áirítear staidéar a ullmhú chun tuiscint a fháil ar neart gach comhpháirtí sna Ballstáit chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidís rannchuidiú níos fearr amach a thabhairt anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún an tuarascáil ar an staidéar sin a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh a luaithe a bheidh sí ar fáil;

85. á mheabhrú gur tugadh le fios i dtuairiscí sna meáin gur le cuideachta a bhaineann le hairgeadaí mór le rá de chuid Hezbollah a íocadh airgead a sannadh faoi CEFanna agus a úsáideadh le haghaidh tionscadail bonneagair phoiblí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó; ag tabhairt dá haire nach raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún faoi na naisc a líomhnaítear a bheith idir an chuideachta sin agus an t-airgeadaí tráth a dámhadh na conarthaí sin agus, cé is moite de cheann amháin, go ndearnadh na conarthaí uile a chur i gcrích go sásúil; á mheabhrú, áfach, go bhfuil an tAontas tiomanta don neamhfhulaingt ar chásanna ina meastar gur calaois nó éilliú atá i gceist agus ar chistiú gníomhaíochtaí a líomhnaítear a bheith bainteach leis an sceimhlitheoireacht agus go bhfuil oibleagáid air cosc a chur le cistiú Eorpach a bheith á úsáid ar bhealach lena n-éascaítear gníomhaíochtaí coiriúla agus sceimhlitheoireachta go hindíreach; á iarraidh ar an gCoimisiún a chuid rialacha maidir le soláthar agus a chuid seiceálacha *post ante* a thabhairt cothrom le dáta chun seiceálacha cúlra na dtairbhithe agus a gcleamhnachtaí a neartú;

Obair leantach ar urscaoileadh 2019

86. ag tabhairt dá haire gur foilsíodh go cuí i mí Iúil 2021 an tuarascáil maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2019; ag tabhairt dá haire gur cuireadh moill ar tharchur na bhfreagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha a rinne an Pharlaimint sa rún maidir le hurscaoileadh ach á chur in iúl gur geal léi, i bhfreagra ar na ceisteanna i scríbhinn, gur chomhaontaigh an Coimisiún réamhchóip den obair leantach ar an urscaoileadh CEF a sholáthar; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé faisnéis leantach mhionsonraithe a bheith ann in am trátha mar chuid ríthábhachtach den nós imeachta um urscaoileadh;

87. ag tarraingt aird ar an gcomhthéacs ina gcuirtear cúnamh forbartha oifigiúil ar fáil anois, is é sin bearna mhaoinithe athfhillteach, paindéim COVID-19, an ghéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta atá ag géarú, fás gan staonadh ar riachtanais na cabhrach daonnúla agus easpa acmhainní chun aghaidh a thabhairt orthu mar is ceart, an easpa mhór acmhainní airgeadais agus teicniúla atá ar na tíortha is lú forbairt agus ar thíortha eile atá i mbéal forbartha chun dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu, aisiompú an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na príomhspriocanna forbartha inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide ("Comhaontú Pháras"), lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le díothú na bochtaineachta agus an ocrais, agus an teip dhomhanda leanúint den mhéadú ar an ngníomhaíocht ar son na haeráide ós rud é gur géarghá cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach trí bhealach a bheidh i gcomhréir leis an gcuspóir an téamh domhanda a theorannú faoi bhun 1,5 °C mar aon le feabhas a chur ar an athléimneacht in aghaidh thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide;

88. á chur in iúl go bhfuil díomá uirthi nach bhfuil mórghníomhaíocht fós á déanamh ag an gCoimisiún maidir le moltaí na meastóireachta seachtraí ar an chomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt an Aontais ([10]), a d'ordaigh an Coimisiún agus a fuarthas in 2018; á chur in iúl gurb oth léi an easpa trédhearcachta i nósanna imeachta soláthair phoiblí;

([10]) https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/pcd-main-report_en.pdf

89. á chur in iúl gurb oth léi an easpa oibre leantaí a rinneadh ar roinnt iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa le linn nós imeachta um urscaoileadh 2019 agus á iarraidh ar an gCoimisiún anailís níos doimhne ar mholtaí na Parlaiminte a sholáthar.